Leasú 79
Helmut Scholz, Merja Kyllönen, Jiří Maštálka, Patrick Le Hyaric, Paloma López Bermejo
thar ceann Ghrúpa GUE/NGL

Tuarascáil **A8-0469/2018**
Eider Gardiazabal Rubial, Petri Sarvamaa
Buiséad an Aontais a chosaint i gcás easnaimh ghinearálaithe i ndáil leis an smacht reachta sna Ballstáit
(COM(2018)0324 – C8-0178/2018 – 2018/0136(COD))

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 7

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(7) Glactar leis go háirithe, má tá an córas breithiúnach neamhspleách, go bhfuil an comhlacht lena mbaineann in ann a chúraimí breithiúnacha a fheidhmiú ar bhealach iomlán neamhspleách, gan a bheith faoi réir ag aon srianta ordlathais ná a bheith ina thánaiste ag aon chomhlacht eile, agus gan orduithe ná treoracha a ghlacadh ó aon fhoinse ar chor ar bith, agus go bhfuil cosaint aige dá bharr ar idirghabhálacha seachtracha nó brú seachtrach a d'fhéadfadh bac a chur ar bhreithiúnas neamhspleách a chomhaltaí agus tionchar a imirt ar a gcinntí. Le neamhspleáchas agus neamhchlaontacht a chinntiú tá gá le rialacha, go háirithe maidir le comhdhéanamh an chomhlachta agus maidir le ceapachán, fad seirbhíse agus forais lena chomhaltaí a dhiúltú agus a chur as oifig, chun deireadh a chur le haon dabht réasúnach in intinn daoine maidir leis an gcomhlacht sin a bheidh beag beann ar thosca seachtracha agus maidir lena neodracht i ndáil leis na leasanna a thugtar os a chomhair.	(7) Glactar leis go háirithe, má tá an córas breithiúnach neamhspleách, go bhfuil an comhlacht lena mbaineann in ann a fheidhmeanna breithiúnacha a fheidhmiú ar bhealach iomlán neamhspleách, gan bheith faoi réir ag aon srianta ordlathais ná ina thánaiste ag aon chomhlacht eile, agus gan orduithe ná treoracha a ghlacadh ó aon fhoinse ar bith, agus go bhfuil cosaint aige dá bharr ar idirghabhálacha seachtracha nó brú seachtrach a d'fhéadfadh bac a chur ar bhreithiúnas neamhspleách a chomhaltaí agus tionchar a imirt ar a gcinntí. ***Glactar leis, má tá an córas breithiúnach neamhspleách, go gcoinnítear an fad céanna idir na páirtithe sna himeachtaí agus a leasanna faoi seach maidir le hábhar na n-imeachtaí sin. Don ghné sin, tá oibiachtúlacht agus uireasa aon leasa i dtoradh na n-imeachtaí de dhíth seachas cur i bhfeidhm docht an smachta reachta.*** Maidir le ráthaíochtaí an neamhspleáchais agus neamhchlaontachta, tá gá le rialacha, go háirithe maidir le comhdhéanamh an chomhlachta agus an cheapacháin, fad seirbhíse agus forais ***staonadh***, dhiúltú agus chur as oifig a chomhaltaí, chun deireadh a chur le haon dabht réasúnach in intinn daoine maidir le neamh-

thréscaoilteacht an chomhlachta sin i leith imthosca seachtracha agus maidir lena neodracht i ndáil leis na leasanna a thugtar os a chomhair.

Or. en

Leasú 80
Helmut Scholz, Merja Kyllönen, Jiří Maštálka, Patrick Le Hyaric, Paloma López Bermejo
thar ceann Ghrúpa GUE/NGL

Tuarascáil **A8-0469/2018**
Eider Gardiazabal Rubial, Petri Sarvamaa
Cosaint ar bhuiséad an Aontais i gcás easnaimh ghinearálaithe i ndáil leis an smacht reachta sna Ballstáit
(COM(2018)0324 – C8-0178/2018 – 2018/0136(COD))

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 7 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(7a) Ciallaíonn an ceanglas de bhreithiúna neamhspleácha freisin nach mór don réimeas araíonachta a rialaíonn iad a bhfuil sé de chúram orthu breithiúnas a thabhairt i ndíospóid na ráthaíochtaí is gá a léiriú chun aon riosca go n-úsáidfí é mar chóras rialaithe pholaitiúil maidir le hábhar cinntí breithiúnacha a chosc. Tacar ráthaíochtaí atá bunriachtanach chun neamhspleáchas na mbreithiúna a choimirciú atá sna rialacha lena sainmhínítear, go háirithe, iompar a bhfuil cionta araíonachta mar thoradh air agus na pionóis iarbhír is infheidhme, araon, lena bhforáiltear rannpháirtíocht chomhlachta neamhspleách i gcomhréir le nós imeachta a dhéanann na cearta a chumhdaítear in Airteagail 47 agus 48 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh a choimirciú, go háirithe ceart na cosanta, agus lena leagtar síos an fhéidearthacht imeachtaí dlí a thionscnamh chun cinntí na gcomhlachtaí araíonachta a cheistiú.

Or. en

Leasú 81
Helmut Scholz, Merja Kyllönen, Jiří Maštálka, Patrick Le Hyaric, Paloma López Bermejo
thar ceann Ghrúpa GUE/NGL

Tuarascáil **A8-0469/2018**
Eider Gardiazabal Rubial, Petri Sarvamaa
Cosaint ar bhuiséad an Aontais i gcás easnaimh ghinearálaithe i ndáil leis an smacht reachta sna Ballstáit
(COM(2018)0324 – C8-0178/2018 – 2018/0136(COD))

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 2a
	Faireachán
	Déanfaidh an Coimisiún faireachán agus measúnú go leanúnach ar chur chun feidhme ceart dhlí an Aontais agus ar urraim an smachta reachta.

Or. en

Leasú 82
Helmut Scholz, Merja Kyllönen, Jiří Maštálka, Patrick Le Hyaric, Paloma López Bermejo
thar ceann Ghrúpa GUE/NGL

Tuarascáil **A8-0469/2018**
Eider Gardiazabal Rubial, Petri Sarvamaa
Cosaint ar bhuiséad an Aontais i gcás easnaimh ghinearálaithe i ndáil leis an smacht reachta sna Ballstáit
(COM(2018)0324 – C8-0178/2018 – 2018/0136(COD))

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1 – pointe a – pointe 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(2a) i gcás inarb iomchuí, bainistiú indíreach a fhionraí agus bainistiú díreach a cur chun feidhme ina ionad;

Or. en